Snáitheanna atá ceangailte le chéile

Oide

Pléigh an tslí a bhféadfadh sibh tacú le bhur scoláirí a bheith rannpháirteach san fhoghlaim idirnasctha i do sheomra Ceoil

Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl

Forbraíonn scoláirí a nguth cruthaitheach agus réadaíonn siad iad féin mar cheoltóirí sa snáithe seo. Déanann na scoláirí é sin trí smaointe ceoil úrnua a fhiosrú, a fhorbairt agus a léiriú i stíleanna ceoil éagsúla. Fiosraíonn agus léiríonn scoláirí a gcuid cruthaitheachta agus samhlaíochta ceoil i gcomhthéacsanna aonair agus grúpa araon. Forbraíonn siad réimse scileanna cluaise, anailísíochta, teicniúla, digiteacha agus nodaireachta de réir mar a fhoghlaimíonn siad lena gcuid smaointe ceoil a chur le chéile, a eagrú agus cruth a chur orthu mar fhreagra ar spreagthaigh agus comhthéacsanna taibhithe éagsúla. Is éard atá i gceist le smaointe ceoil a chruthú ná gnéithe ceoil a fhiosrú agus a iniúchadh lena n-áirítear: buille, fad, luas, tuinairde, dinimic, tondath, téagar, struchtúr, stíl, tonúlacht agus ionstraimiú.[3]

Feidhmíonn ceol dualgais agus neamhdhualgais mar fhoinse shaibhir d'ábhar spreagthaigh óna bhfiosraíonn, roghnaíonn, oiriúnaíonn agus ionchorpraíonn scoláirí gléasanna cumadóireachta agus uirlise, ina gcuid oibre féin. Foghlaimíonn na scoláirí lena gcuid smaointe ceoil a dhréachtú, a athdhréachtú agus a chur in eagar.

Taibhíonn na scoláirí a gcuid smaointe le huirlisí, guthanna, foinsí fuaime, teicneolaíocht dhigiteach nó meascán díobh siúd nuair atá a gcuid smaointe ceoil á gcruthú. Nuair a fhoghlaimítear ar an dóigh sin, forbraítear feasacht chluaise agus cinntítear go mbíonn an próiseas cruthaitheach tarraingteach, fiúntach agus barántúil do na scoláirí ar fad.

Sa snáithe seo, foghlaimíonn na scoláirí faoi chleachtais eiticiúla agus fhreagracha sa cheol. Foghlaimíonn na scoláirí le luach a chur lena gcuid ceoil agus le ceol daoine eile agus é a chosaint, le linn dóibh a bheith ag cruthú, ag taibhiú nó ag roinnt ceoil.

Éiríonn litearthacht cheoil agus litearthacht dhigiteach na scoláirí níos sofaisticiúla i gcaitheamh a gcuid foghlama. Úsáideann na scoláirí teanga cheoil agus cleachtais nodaireachta chuí chun a gcuid smaointe a dhoiciméadú, a chur in iúl agus cur síos a dhéanamh orthu. Déanann scoláirí cinntí níos eolaí agus níos tomhaiste maidir lena dtreo cruthaitheach, ag cosaint agus ag cur a gcuid roghanna cumadóireachta in iúl le muinín a bhíonn ag ardú.

Táthar ag súil le go mbeidh scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil in ann ceol a chruthú i ngléaschomharthaí suas le dhá ghéar agus dhá mhaol i mórghléasanna agus mionghléasanna araon. Táthar ag súil le go mbeidh scoláirí a thugann faoin gcúrsa Ardleibhéil in ann ceol a chruthú i ngléaschomharthaí suas le ceithre ghéar agus ceithre mhaol i mórghléasanna agus mionghléasanna araon. Ba cheart go spreagfaí scoláirí a thugann faoin gcúrsa Gnáthleibhéil agus Ardleibhéil araon chun ceol a leathnaíonn thar na paraiméadair sin, nuair is cuí, a chruthú, a iniúchadh, a thaibhiú, éisteacht leis agus breithmheas agus freagra a thabhairt air. Anuas air sin, beifear ag súil le go dtabharfaidh gach scoláire aghaidh ar an gceol dualgais ar fad, lena n-áirítear ceol a leathnaíonn thar na paraiméadair sin.

[3] Níl na gnéithe seo saintreorach ná uileghabhálach, ná níl siad mar chuid de sheicliosta.

Snáithe 2: Ceol i gComhthéacs: San am a caitheadh agus san am i láthair

Sa snáithe seo, forbraíonn scoláirí tuiscint ar na príomhghnéithe agus na tionchair chomhthéacsúla ar réimse leathan de stíleanna ceoil. Cabhraíonn an tuiscint sin le cruth a chur ar chumas na scoláirí chun ceol a chruthú, a thaibhiú, mar aon le breithmheas agus freagra a thabhairt air ar bhealach fiúntach.


Déanann scoláirí iniúchadh ar an gceol a bhaineann le mothúcháin, mothú, amanna, áiteanna agus grúpaí sóisialta. Comhroinneann agus pléann na scoláirí samplaí ceoil a chuala siad sa bhaile, ar scoil agus sa phobal i gcoitinne. Forbraíonn siad tuiscint ar ghnéithe stairiúla, pearsanta, polaitiúla, sóisialta agus cultúrtha an cheoil agus faigheann siad léargais ar chuspóir, rún agus tionchar an cheoil ar fud comhthéacsanna agus timpeallachtaí éagsúla.

Tá sé mar aidhm ag an snáithe seo an fhiosracht, taitneamhacht agus pléisiúr a bhaineann le taibhiú an cheoil, éisteacht leis agus aghaidh a thabhairt air a chothú. Tugann na scoláirí aghaidh ar cheol ó chomhthéacsanna stairiúla agus comhaimseartha araon. Tugann siad breithmheas agus freagra ar an gceol, agus éisteann siad leis, ó liosta ceoil dualgais, chomh maith le ceol neamhdhualgais arna roghnú go comhoibríoch ag scoláirí agus múinteoirí. Cuirfidh an liosta ceoil dualgais scoláirí ar an eolas faoi cheol ó réimse leathan de stíleanna, cineálacha agus seánraí ceoil. Anuas ar an liosta ceoil dualgais, tabharfaidh scoláirí aghaidh ar cheol eile sa seomra ranga a thabharfaidh blaiseadh de stíleanna, cineálacha agus seánraí ceoil breise do scoláirí, agus blaiseadh de cheol a léiríonn réimsí spéise na scoláirí féin. Éisteann scoláirí le ceol agus tugann siad breithmheas agus freagra ar an gceol a n-éisteann siad leis; roghnaíonn agus taibhíonn siad sleachta gearra ón gceol sin; agus úsáideann siad an ceol sin mar ábhar spreagthaigh i dtascanna cruthaitheacha a leagtar amach i dtorthaí foghlama sa snáithe seo agus i Snáithe 1: Smaointe Ceoil a Fhiosrú agus a Chur in Iúl chomh maith.

Ba cheart go dtosódh rannpháirtíocht leis an repertoire ceoil trí chluasbhraistint. Forbraíonn scoláirí tuiscint níos doimhne agus níos iomasaí ar repertoire ceoil trí dhíriú ar an éisteacht chriticiúil, inmheánú fuaimeanna, struchtúir agus patrúin, ag foghlaim leis an méid a chloiseann siad a thaibhiú, a iniúchadh agus aithris a dhéanamh air. Déanfaidh na scoláirí fiosrúchán, iniúchadh agus comparáid ar an gcaoi a gcuirtear gnéithe stíleacha, eilimintí ceoil, agus teicnící cumadóireachta, uirlise agus gutha i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla chun críocha difriúla ar fud stíleanna éagsúla ceoil. Ceapann na scoláirí freagraí trí úsáid a bhaint as teanga chuí an cheoil de réir mar a fhoghlaimíonn siad an chaoi le breithmheas agus freagra a thabhairt ar an gceol.

Sa snáithe seo, déanann na scoláirí critíc ar thaibhithe beo agus taifeadta araon agus baineann siad úsáid as an méid atá foghlamtha acu chun machnamh a dhéanamh ar a gcuid cleachtas ceoil mar aon le feabhas a chur orthu agus eolas a dhéanamh dóibh. Táthar ag súil le go bhfreastalódh scoláirí a thugann faoi Cheol na hArdteistiméireachta ar thaibhiú ceoil beo amháin ar a laghad[5] mar ghrúpa ranga le linn an staidéir a dhéanann siad ar an ábhar.

[5] Is féidir an taibhiú ceoil beo a bheith ina thaibhiú áitiúil nó náisiúnta de réir mar a mheastar a bheith cuí.



Sonraíocht Churaclaim do Cheol na hArdteistiméireachta lch 16 agus lch 20

oide.ie/ga/iar-bhunscoil/baile/ceol/

CC BY NC